Beartas Íoca & Coinníollacha d'Údair

Tá Dingle Lit á mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus geallann sé a pholasaí Ealaíontóirí a Íoc a chomhlíonadh.

Íocaimid €300 le húdair as ucht imeachtaí 'i gcomhrá'.

Íocaimid €180 in aghaidh an agallaimh d'agallóirí.

Bímid macánta faoi na táillí ón gcéad ríomhphost nó glao gutháin maidir le tairiscint oibre.

Tugaimid aird ar cheart gach ealaíontóra idirbheartaíochta aníos a dhéanamh ar aon táille a thairgtear.

Déanaimid cinnte go léiríonn an chumarsáid tosaigh an scóip iomlán a bhfuiltear ag súil leis agus a iarrtar ar an údar a sheachadadh, lena n-áirítear sonraí aon fhístaifeadtaí nó taifeadtaí fuaime a dhéanfar den imeacht.

Déanaimid cinnte go ndéantar imfhálú ar tháillí scríbhneoirí laistigh dár mbuiséad ionas go gcosnaítear táillí sa chás go mbíonn róchaiteachas i gceist i réimsí eile dár n-oibríochtaí.

Íoctar táillí laistigh de 14 lá oibre tar éis sonraí BACS a fháil.

Clúdaímid suas le €70 i gcostais taistil nuair a bhíonn an scríbhneoir ag taisteal lasmuigh dá chontae cónaithe. Clúdaímid lóistín freisin nuair a éilíonn fad an taistil é.

Déanaimid cinnte go dtugtar aird ar chóipcheart scríbhneoirí, ó thaobh cearta morálta agus eacnamaíocha de araon.

Creidimid sa tábhacht a bhaineann le trédhearcacht maidir le cúrsaí pá agus coinníollacha oibre, agus gur chun leasa gach scríbhneora agus ealaíontóra atá sé an fhaisnéis seo a roinnt go poiblí.

Is ón doiciméad beartais Ealaíontóirí a Íoc de chuid na Comhairle Ealaíon a fuarthas mórán den fhoclaíocht thuas agus tagaimid leis na prionsabail sin.